# Éileamh ag Feirmeoir Neamhchláraithe ar Aisíoc Cháin Bhreisluacha (CBL) faoin ORDÚ CÁNACH BREISLUACHA (AISÍOC CÁNACH) (RÁTA COMHRÉIDH FEIRMEOIRÍ) 2012.

**TÁBHACHTACH - Déan tagairt do na nótaí roimh an t-iarratas a chomhlánú.**

**1. Sonraí an Éilitheora - Comhlánaigh gach cuid i mBLOCLITREACHA**

Ainm:

Seoladh:

(Eircode san áireamh)

**UPSP nó Uimhir Thagartha Cánach:**

Má bhaineann an t-éileamh le:

- Duine aonair - cuir isteach an UPSP.
- Comhpháirtíocht nó Cuideachta Theoranta - cuir isteach Uimhir Thagartha Cánach na Comhpháirtíochta nó na Cuideachta Teoranta.

Uimhir Ghutháin: Seoladh R-phoist:

Méid Iomlán an Éilimh: € Ní mór an tsuim iomlán éilithe a bheith níos mó ná €125 in aghaidh an éilimh. **Féach nóta 6**.

Ainm an tSealbhóra Cuntais:

Ainm an Bhainc:

Seoladh an Bhainc:

Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) (Uasfhad: 34 carachtar)

Cód Aitheantais Bainc (BIC) (Uasfhad: 11 carachtar)

**2. Dearbhú** - Tá aon duine a thugann ráiteas bréagach go feasach chun críocha aisíocaíocht CBL a fháil faoi dhliteanas pionós. Má tá an t-éileamh i ndáil le comhpháirtíocht, caithfidh an comhpháirtí gníomhach tosaíochta an dearbhú a shíniú. Má tá an t-éileamh i ndáil le cuideachta theoranta, caithfidh an Stiúrthóir / Rúnaí an dearbhú a shíniú.

Dearbhaím -

(1) Nach bhfuilim cláraithe ná nach bhfuil oibleagáid orm clárú le haghaidh CBL. **Féach Nóta 3 ar Leathanach 4.**

(2) Tagraíonn méid an CBL san iarratas le heisíoc a bhaineann leis na nithe seo a leanas amháin:
  (a) tógáil, síneadh, athrú nó atógáil foirgnimh nó déanmhais a dearadh le húsáid chun críocha gnó feirmeoireachta amháin nó go príomha,
  (b) fálú, draenáil nó míntíriú aon talún le húsáid chun críocha gnó feirmeoireachta, nó
  (c) tógáil nó suiteáil trealaimh cháilitheach chun críche micrighiniúint leictreachais le húsáid chun críocha gnó feirmeoireachta a thabhaíonn cáin ar nó tar éis an 1 Eanáir 2012 amháin nó go príomha, agus sa chás go bhfuil an foirgneamh, déanmhas, talamh nó trealamh cáilitheach le húsáid i ngnó feirmeoireachta a dhéanaim féin ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin ón dáta ar tabhaíodh an cháin.

(3) Chloígh mé leis na hoibleagáidí ar fad a forchuireadh orm san Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, sna hAchtanna Cánach Ioncaim, sna hAchtanna Cánach Corparáide, nó san Acht um Cháin Ghnóthachan Caipitiúil agus aon ionstraimí a rinneadh fúthu sin, i ndáil le híocaíocht nó seoltán na gcánacha, an úis agus na bpionós a chaithfear a íoc fúthu sin agus seachadadh na dtuairisceán.

(4) Tá na sonraí ar fad a thugtar ar an bhfoirm seo fíor agus i gceart feadh m'eolais agus mo bhreithiúnais.

**Síniú**: **Dáta:** / / **Stádas:** Duine Aonair / Comhpháirtí Gníomhach Tosaíochta

**Síniú**: **Dáta:** / / **Stádas:** Stiúrthóir / Rúnaí

**Úsáid Oifigiúil Amháin**

1. Uimh. Bharántais: Uimh. Chustaiméara:
2. Arna Scrúdú ag: An: / /
3. Arna seiceáil ag: An: / /
4. Méid Ceadaithe:

**3. Sonraí an Éilimh** - Tig leis na Coimisinéirí Ioncaim pleananna, sonraíochtaí nó fianaise dhoiciméadach eile a iarradh i ndáil leis an eisíoc a ndéantar cur síos air thíos agus tig leo scrúdú a dhéanamh ar fhoirgnimh, déanmhais, trealamh daingnithe incháilithe agus feabhsúcháin.

**NB: Níl CBL in-aisíoctha ar na nithe seo:**

- deisiúcháin le foirgnimh, déanmhais agus bóithre feirme
- eisíoc ar bhóithre chuig teach cónaithe
- trealamh agus innealra soghluaiste
- deisiú, seirbhís agus cothabháil trealamh agus innealra
- soláthar BSL
- breosla, ola, díosal

**Áirítear le míreanna In-athnuaite eile:** Clúdaigh sadhlais, leigheasanna, fiailnimheanna, srl

**A. TRÉIMHSE AN ÉILIMH**: Ó: [ / / ] Go dtí: [ / / ]

(Ní mór thréimhse an éilimh a bheith taobh istigh d'aon bhliain féilire)

**B. FOIRGNIMH NÓ DÉANMHAIS FEIRME**

Nuair a dhéantar éileamh i ndáil le heisíoc ar thógáil, síneadh, athrú nó atógáil foirgneamh nó déanmhas feirme, tógáil nó suiteáil trealaimh cháilithigh chun críocha micrighiniúint leictreachais le húsáid amháin nó go príomha ina g(h)nó feirmeoireachta, nuair atá an foirgneamh, déanmhas, talamh nó trealamh cáilitheach sin á úsáid sa ghnó feirmeoireachta sin ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin ón dáta ar tabhaíodh an cháin, cuir na sonraí seo a leanas ar fáil:

(a) cur síos mionsonraithe ar an obair a rinneadh:

[ ]

(b) dáta tosaigh na hoibre: [ / / ]

(c) dáta críochnaithe na hoibre: [ / / ]

**Má bhaineann aon chuid den eisíoc san éileamh le tobar nó bóthar, tabhair le fios an áit ar a bhfreastalaíonn an soláthar uisce nó bóthar: (Cuir tic □ sa bhosca cuí)**

- ☐ An fheirm amháin
- ☐ An teach cónaithe amháin
- ☐ An fheirm agus an teach cónaithe

**C. TREALAMH SEASTA AGUS CÁILITHEACH**

Má bhaineann aon chuid den eisíoc san éileamh le trealamh daingnithe incháilithe, agus / nó le córas tuirbín gaoithe, córas fótavoltach nó trealamh coimhdeach a theastaíonn chun leictreachas a stóráil nó ceangal leis an eangach, luaigh na nithe seo a leanas:

(a) an cineál trealaimh: [ ]

(b) áit ar suiteáladh: [ ]

**D. FEABHSÚCHÁN TALÚN: (Cuir tic □ sna boscaí cuí)**

☐ Fálú ☐ Draenáil ☐ Míntíriú

4. **Briseadh síos ar an Méid atá á Éileamh** - Caithfear sonrasc CBL bunaidh (nó fáltas custaim ar CBL íoctha ar iompórtáil) a cheangal. **D'FHÉADFAÍ MÍREANNA A ÁIREAMH AR SHONRAISC NACH BHFUIL CBL IN-AISÍOCTHA ORTHU AGUS NÍOR CHEART IAD A CHUR SAN ÁIREAMH**. **Déan tagairt do leathanach 2.**

| Ainm an tSoláthróra | Dáta agus Uimhir Thagartha Sonraisc | Méid CBL In-aisíoctha € |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | Iomlán € | |

# NÓTAÍ TÁBHACHTACHA

1. Is gá sonraí bainc a thabhairt má tá an t-aisíoc le heisiúint le cuntas bainc. Seolfar seic sa phost mura gcuirtear sonraí bainc ar fáil.
2. Nuair a bhaineann an t-éileamh le haisíoc CBL ar Chomhaontú Léasa / Fruilithe, teastaíonn cóip den chomhaontú, an sonrasc agus Sceideal don cháin iníoctha ón institiúid airgeadais cuí i ndáil leis an gcéad éileamh. Teastaíonn Sceideal don CBL iníoctha do gach éileamh ina dhiaidh sin. Caithfear cóip den chomhaontú agus den sonrasc a chur isteach le héileamh ar aisíoc CBL a íocadh ar Chomhaontú Fruilcheannaigh.
3. Ní féidir leat a bheith cláraithe le haghaidh CBL* i ndáil le do ghnó feirmeoireachta nó i ndáil le ceird, slí bheatha nó gairm ar bith eile a dhéanann tú. Má tá tú cláraithe le haghaidh CBL i ndáil le do ghnó feirmeoireachta nó i ndáil le ceird, slí bheatha nó gairm ar bith eile ba cheart duit an asbhaint chuí a dhéanamh ar do thuairisceán CBL (Foirm VAT3).

   * Má tá tú cláraithe le haghaidh CBL i ndáil le fáltais laistigh den Chomhphobal, is féidir foirm VAT 58 a chomhlánú.
4. Tá na sonraí seo a leanas ar na sonraisc iniata:
   (a) dáta eisiúna an tsonraisc,
   (b) uimhir sheicheamhach uathúil a shainaithníonn an sonrasc,
   (c) ainm, seoladh agus uimhir chláraithe CBL an tsoláthróra,
   (d) ainm agus seoladh an chustaiméara,
   (e) cur síos mionsonraithe ar na hearraí agus seirbhísí arna soláthar,
   (f) costas iomlán, ráta CBL agus an CBL a gearradh.
5. Ní dhéanfar aisíoc i ndáil le duillíní seachadta, ráitis, meastacháin, nóta faisnéise, fáltais (seachas fáltais chustaim i gcás iompórtálacha), nó aon cháipéis eile nach sonrasc CBL atá ann. Ní ghlacfar le cur síos ginearálta ar shonraisc cosúil le 'crua-earraí ilghnéitheacha'.
6. Ó 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, féadtar éilimh a thíolacadh ag tráth ar bith, ar an gcoinníoll:
   - nach bhfuil siad níos sine ná ceithre bliana
   - go bhfuil siad á ndéanamh i leith bliain féilire nó tréimhse taobh istigh de bhliain féilire

Is ó 1 Eanáir go 31 Nollaig atá an bhliain féilire. Ní fhéadtar éileamh a thíolacadh a chlúdaíonn dhá bhliain féilire.

Caithfear éilimh ar aisíocaíocht CBL a dhéanamh laistigh de 4 bliana ó dheireadh na tréimhse inchánaithe lena mbaineann an t-éileamh.

7. Caithfear córas Tuirbín Gaoithe agus córas Fótavoltach a ainmniú ar Chlár na dTáirgí Trí E. Is é is Clár na dTáirgí Trí E bunachar sonraí poiblí arna chothabháil ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ina bhfuil liosta táirgí a chloíonn le critéir um éifeachtúlacht fuinnimh an Údaráis sin. Is féidir rochtain a fháil air ag suíomh gréasáin an SEAI: **www.seai.ie**
8. Beidh d'oibleagáid ar dhuine a fhaigheann aisíoc cánach faoin ORDÚ CÁNACH (AISÍOC CÁNACH) (RÁTA COMHRÉIDH FEIRMEOIRÍ) 2012, ar nó roimh an 28ú lá tar éis deireadh thréimhse bliain amháin ó tabhaíodh an cháin, athbhreithniú a dhéanamh lena fháil amach ar sásaíodh coinníollacha an Ordaithe. Más rud é, le linn na tréimhse bliana sin, go bhfuarthas réidh leis an bhfoirgneamh, trealamh etc. sin a raibh aisíoc á lorg ina thaobh, nó má úsáideadh go príomha é chun críocha eile seachas gnó feirmeoireachta, beidh an duine a fuair an t-aisíoc faoi dhliteanas méid na cánach agus aon ús dlite a íoc leis na Coimisinéirí. Mura ndéanann sé / sí é seo laistigh de 28 lá eile tar éis an 28 lá tar éis na bliana sin, beidh sé / sí faoi dhliteanas pionóis €4,000.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Seolfar ar ais sonraisc a chuirtear isteach.

**Caithfear taifid ghnó, sonraisc san áireamh, a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana.**

**Ní mór do ríomh-thíolaiceoirí éigeantacha reatha éilimh a thíolacadh leis an tseirbhís ríomh-Aisíocaíochtaí.**

Seoltar iarratais chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Rannóg an Ard-Bhailitheora
Cuid um Aisíocaíocht CBL Neamhchláraithe
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséis
Luimneach, V94 R972

Guthán: 01 738 3667
R-phost: unregvat@revenue.ie

Is féidir cóipeanna breise den fhoirm seo a fháil ón seoladh thuas nó a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí: **www.revenue.ie**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs